**RF100 FOIRM IARRATAIS MÓTARCHÁNACH LE HAGHAIDH FEITHICLE (Cé is moite de ghluaisrothar)**

Líon isteach na sonraí agus tabhair an fhoirm seo isteach chuig an Oifig Mótarchánach mar aon leis an admháil a fuarthas um chlárú ón NCTS. IARRATAS: Déanaim iarratas ar cheadúnas (Diosca Mótarchánach) don fheithicil a bhfuil cur síos uirthi.

## A. SONRAÍ NA FEITHICLE

1. Déanamh
2. Múnla
3. Cur Síos Breise/Cineál Cabhlach
4. Dath(anna) — CÓD
5. Toilleadh Innill (cc)
6. Uimhir Innill
7. Uimhir Fosaidh
8. Foinse/Cineál Innill / Breosla/ Cumhachta — CÓD
9. Astaíochtaí $CO_2$ (g/km)
10. Cód Staitistiúil
11. Treoir/Treoracha um Chineálcheadú AE
12. Líon Suíochán
13. Líon Fuinneog
14. Uimhir Chláraithe

 Dáta an Chéadchláraithe sa Stát. L L M M B B
15. Uimhir Admhála (más cuí)

## B. SONRAÍ AN ÚINÉARA (BLOCLITREACHA AMHÁIN)

Teideal: An tUasal, srl.

Céadainm (neacha)

Sloinne

Ainm Cuideachta

Seoladh

Baile/Cathair

Contae — EIRCODE

Uimhir Teil.

## C. SONRAÍ MÓTARCHÁNACH – AICME CÁNACH

**(Cuir tic, de réir mar is cuí)**

Príobháideach ☐ Tarracóir Talmhaíochta ☐

Earraí ☐ Feithicil Mhór Seirbhíse Poiblí ☐

Meáchan gan lasta (kg) ☐☐☐☐☐ Toilleadh Suíocháin (gan an tiománaí a áireamh) ☐☐☐

An mbeidh feithicil a úsáid chun earraí a iompar daoine eile ar luach saothair? Úsáidfear ☐ Ní úsáidfear ☐

**Hacnaí** ☐ **Dumpaire Beag** ☐

**Tacsaí** ☐ Toilleadh Scipe ($m^3$)) ☐☐☐☐

**DÍOLMHAITHE (tabhair an fáth)** ☐

Faoi Úinéireacht Stáit ☐ Seirbhísí dóiteáin ☐

Dioplómaitiúil ☐ Tiománaí/Paisinéir faoi mhíchumas ☐

Eile: Sonraigh le do thoil

**AICME CÁNACH EILE** (Sonraigh le do thoil)

## D. SONRAÍ ÁRACHAIS

Ainm na Cuideachta Árachais **(Ní Bróicéar)**

Dáta éaga an teastais árachais faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú (LLMMBB) L L M M B B

Uimhir Polasaí

## E. TRÉIMHSE MÓTARCHÁNACH

**Tréimhse Neamhúsáide (más cuí, féach ar rannóig 1 agus 3E thall).**

Mí Bliain M M B B chuig Mí Bliain M M B B

**Tréimhse Riaráistí (Más infheidhmithe)**

Mí Bliain M M B B chuig Mí Bliain M M B B €

**Diosca Cánach:** Ón gcéad lá de — Mí Bliain M M B B

**Tréimhse Diosca Cánach atá ag teastáil** (Cuir tic i mbosca AMHÁIN)

3 mhí ☐ €

6 mhí ☐ **Iomlán**

12 mhí ☐ €

## F. ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| INS ☐ | Airgead Tirim | € | | **Dáta a Fuarthas** |
| | Seic | € | | |
| KG ☐ | PO | € | | |
| SB ☐ | Dréacht Bainc | € | | |
| PSV ☐ | Eile | € | | |
| EXMT ☐ | **Sóinseáil** | € | | |

**Litir Diosca** ☐ **Dáta Eisithe (LLMMBB)** L L M M B B

## G. DEARBHÚ

**Dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.**

Síniú: (Féach Nóta G)

Dáta: / /

## H. ROGHANNA UM ÍOCAÍOCHTAÍ CÁRTA

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Chláraithe** | | Cineál Cárta: | Master Card ☐ M/Card Debit ☐ VISA ☐ VISA Debit ☐ |
| Ainm Shealbhóir an Charta: | | Uimhir Cúntas an Cárta: | |
| Sealbhóiri Carta Seoladh: | | Síniú Úinéir an Cárta | |
| | | Cárta Data Éaga: | L L M M B B |
| | | Uimhir Teil. | |

RPC004442_GA_WB_L_1

# RF100 FOIRM IARRATAIS MÓTARCHÁNACH LE HAGHAIDH GLUAISROTHAIR NUA NÓ ATHLÁIMHE

## NÓTAÍ [Chun an RF100 a chomhlánú]

Téigh i dteagmháil le d'Oifig Cánach Áitiúil má tá aon chúnamh uait chun an fhoirm seo a líonadh.

**1. Cathain is ceart an fhoirm seo a úsáid**

Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar Dhiosca Mótarchánach le haghaidh feithicle atá cláraithe cheana féin ag na Coimisinéirí Ioncaim. Is cóir an fhoirm seo a thabhairt isteach nó a chur sa phost chuig Oifig Mótarchánach an Cheantair ina gcoimeádtar an fheithicil de ghnáth.

**Mura bhfuil tú ag úsáid na feithicle díreach tar éis a cláraithe, níor cheart duit an Fhoirm seo a chomhlánú. Ba chóir duit Foirm RF150 – Dearbhú um Neamhúsáid Mótarfheithicle - a chomhlánú ina háit agus a chur isteach chuig d'oifig mótarchánach laistigh de 21 lá ó chláraíonn tú an fheithicil. Ba chóir duit an fhoirm seo a choinneáil chun cáin a chur ar an bhfeithicil don chéad uair tar éis na tréimhse neamhúsáide.**

**2. Sula líonann tú an fhoirm seo**

Cinntigh go bhfuil an MARC CLÁRAITHE AGUS AN UIMHIR CHLÁRAITHE atá sannta don fheithicil curtha isteach go soiléir i Rannóg A, mír 14 ar an bhfoirm.

**3. Conas an fhoirm seo a líonadh**

- **Rannóg A** Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis go léir faoin bhfeithicil sa Rannóg seo comhlánaithe cheana féin ag an mótardhíoltóir nó ag an duine a d'íoc an Cháin Chláraithe Feithicle (VRT) leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- **Rannóg B** Mura ndearnadh cheana é, cuir isteach ainm agus seoladh an úinéara chláraithe, .i. an coimeádaí ar faoina ainm atá an fheithicil á ceadúnú (a bhfuil cáin á híoc uirthi). I gcás EINTITIS DHLÍTHIÚIL, is gá an teideal ceart iomlán a thabhairt, m.sh. i gcás cuideachta cláraithe, is cóir an t-ainm a thabhairt faoi mar atá sé sa Deimhniú Corpraithe. I gcás cuideachta príobháidí, is cóir an t-ainm faoina bhfuil gnáthaithne uirthi agus ainmneacha na bpáirtnéirí a thabhairt, m.sh. "John agus Mary Murphy ag trádáil mar J & M Suppliers".
- **Rannóg C** Cuir tic sa bhosca os comhair na hAicme Cánach faoina dteastaíonn uait an fheithicil a chlárú. Mura bhfuil an aicme atá ag teastáil liostaithe, scríobh sa bhosca í. Is cóir duit gach eolas atá de dhíth a sholáthar mar aon le haon doiciméadú is gá de réir mar atá mínithe i Nóta 4 thíos. TÁBHACHACH Féach sainmhínithe ar aicmí cánach i d'Oifig Mótarchánach áitiúil agus cinntigh go bhfuil an fheithicil incháilithe le go n-íocfaí cáin uirthi san aicme a roghnaítear.
- **Rannóg D** Cuir isteach sonraí do chuid Árachais, .i. Ainm Árachóra, Uimhir Pholasaí agus Dáta Éaga an chlúdaigh – Is gá go mbeadh d'árachas i bhfeidhm nuair a thag ann an diosca cánach i bhfeidhm agus is gá go mbeadh an t-árachas oiriúnach don úsáid a dhearbhaítear don fheithicil.
- **Rannóg E Céadcheadúnas (Diosca Cánach) – Dliteanas Mótarchánach**

  i. Bíonn Dliteanas Mótarchánach ann ón dáta a céadúsáidtear an fheithicil in áit phoiblí tar éis í a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Murar ón dáta cláraithe atá d'iarratas ar mhótarcháin de bharr nach raibh an fheithicil in úsáid in áit phoiblí, cuir isteach an tréimhse neamhúsáide a thug tú ar an bhFoirm RF150 – Dearbhú um Neamhúsáid Mótarfheithicle (féach nóta i gcuid 1 thuas). Eisítear dioscaí mótarchánach le haghaidh tréimhsí 3, 6, nó 12 mhí iomlána féilire agus ní eisítear iad i leith míonna atá imithe thart. Is féidir Feithiclí le Cáin bhliantúil de €119 nó níos lú cáin a ghearradh ach ar feadh tréimhse 12 mí.

  ii. Má tá riaráistí dlite, cuir isteach sna boscaí an mhí thosaigh agus an mhí dheiridh den tréimhse riaráistí agus an tsuim chuí airgid.

  iii. Cuir isteach an mhí/bhliain thosaigh agus cuir tic sa bhosca cuí don tréimhse diosca cánach atá ag teastáil. Cuir isteach méid na táille agus comhlánaigh an bosca iomlán.
- **Rannóg G** Is gá gurb é síniú choimeádaí na feithicle a chuirtear leis an iarratas. (Faoi alt 130 den Acht Airgeadais, 1992, is ionann an 'tÚinéir' agus an 'Coimeádaí'.)
- **Rannóg H** Comhlánaigh má tá tú ag íoc le cárta creidmheasa nó le cárta dochair.

**4. Na nithe is gá a chur leis an bhfoirm seo**

Caithfidh tú na nithe seo a leanas a chur leis an bhfoirm:

i. Táille – Ní mór duit seic nó ordú poist don táille cheart a chur léi, iníoctha leis an gComhairle Contae/Cathrach chuí agus crosáilte le "Cuntas Mótarchánach". Ná cuir airgead tirim sa phost. Téigh i dteagmháil le d'Oifig Mótarchánach áitiúil chun soiléiriú a fháil faoi na táillí cuí agus modhanna eile íocaíochta.

ii. I gcásanna ina bhfuil gá leis an aicme cánach Earraí agus nach troime an fheithicil ná 3500kg meáchan comhlán is cóir dearbhú a dhéanamh ar an bhfoirm chuí atá ar fáil ón Oifig Mótarchánach, ag dearbhú nach n-úsáidfear an fheithicil chun críocha neamhthráchtála (príobháideach). Is gá duillín meáchain ó dhroichead meáite formheasta más troime an fheithicil ná 3500 kg, meáchan comhlán.

iii. Ceadúnas PSV (pláta) – ní bhaineann ach le feithiclí seirbhíse poiblí.

iv. Ceadúnas Airteagail 60 – ní bhaineann ach le busanna scoile.

v. Teastas Díolúine (m.sh. Teastas Formheasa ó na Coimisinéirí Ioncaim do Thiománaithe/Paisinéirí atá faoi mhíchumas) – ní bhaineann ach le feithiclí atá díolmhaithe ó Mhótarcháin.

**5. Athrú Úinéireachta Sula nÍoctar Cáin den Chéad Uair**

Nuair a dhíoltar an fheithicil le húinéir nua (cé is moite de mhótardhíoltóir) ní mór don úinéir cláraithe atá ag díol na feithicle an fhoirm seo RF100, mar aon le sonraí i scríbhinn faoi ainm/seoladh an úinéara nua agus dáta aistrithe na húinéireachta, a chur ar aghaidh chuig an An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, An Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Tiománaitheagus Feithiclí, Sionna, Co.an Chláir. (Más le mótardhíoltóir a dhíoltar an fheithicil ní mór foirm RF105 a líonadh agus a chur ar aghaidh.)

## FOLÁIREAMH – DEARBHUITHE BRÉAGACHA

Is féidir pionóis throma a ghearradh ar aon duine a dhéanann dearbhú bréagach, nó nach gcuireann in iúl aon athruithe ar shonraí an cheadúnais atá á soláthar anois, lena n-áirítear diúscairt na feithicle. Is féidir go n-éileoidh údarás ceadúnaithe fianaise chuí maidir le cruinneas na sonraí a dhearbhaítear.

**Ráiteas Príobháideachta**

Éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) ar chustaiméirí faisnéis phearsanta ar leith a sholáthar d'fhonn feidhmeanna reachtacha agus riaracháin a chomhlíonadh. Caithfidh an Roinn le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí atá faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus reachtaíocht Cosanta Sonraí.

D'fhéadfaí, de réir dlí, do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile atá ag teacht faoi théarmaí tagartha DTTAS. Tá na sonraí ar fad maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne, ina leagtar amach mar a bhainfimid leas as do chuid faisnéise pearsanta, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar dhuine is údar do na sonraí le fáil ag www.dttas.gov.ie/dataprotection.

Tá cóip chrua de na sonraí maidir leis an mbeartas seo le fáil freisin ach ríomhphost á iarraidh a sheoladh chuig dataprotection@dttas.gov.ie nó scríobh chuig an Aonad Cosanta Sonraí, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60.